

8
Feidhmiú, Athbhreithniú agus Monatóireacht

Feidhmeofar an Plean Eacnamaíoch agus Pobail Aitiúil (LECP) go ceann tréimhse sé bliana; 2016-2022.

Beidh an fhreagracht ar chách i measc áisíneachtaí, eagraíochtaí, comhlachtaí reachtúla, fiontair agus a n-ionadaithe maraon le hionadaithe grúpaí pobail maidir leis na gníomhartha agus polasaithe LECP a fheidhmiú. Chuathas go mór i gcomhairle leo siúd ar fad faoi dhréachtú na ngníomhartha atá sa phlean seo agus táthar tar éis aontú ar na bearta a bhaineann leo féin ar leith a chur i gcrích.

Tá dualgas ar dtús ar na háisíneachtaí ag a bhfuil ról "Terorach" na gníomhartha a bhrú ar agaidh agus na KPI a chur i bhfeidhm. Iad siúd ag a bhfuil ról mar 'Páirtí Tacaíochta', tá siad freagrach as gnéithe áirithe na ngníomhartha straitéiseacha a bhaint amach. Caithfidh na heagraíochtaí agus áisíneachtaí go léir comhoibriú le chéile agus tús áite a thabhairt do dháileadh acmhainní, idir airgeadas agus daonacmhainní, ar na bearta a tugadh dóibh le déanamh.

Is é an Coiste Polasaí Straitéiseach Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontair (SPC) laistigh de Chomhairle Contae Chiarraí a bheidh freagrach as an monatóireacht eacnamaíoch in aghaidh na bliana. Beidh ról mar an gcéanna maidir le pobal agus cuimsiú sóisialta san LECP seo ag an gCoiste Forbartha Pobal Áitiúil (LCDC).

Tá an Grúpa Comhairleach LECP ann, ar a bhfuil iondaithe ón LCDC agus SPC, chun monatóieacht ar na trí ghné den LECP – Forbairt Eacnamaíoch agus Cruthú Post, Cáilíocht Beatha agus Pobal agus Imeascadh Sóisialta.